

**Preasráiteas: Embargo 11.00 r.n. 24 Aibreán 2012**

**Ábhar: Tuarascáil Bhliantúil 2011**

Theip ar údaráis an Gharda Síochána cloí leis an dlí nuair nach bhféadfadh ochtar as naonúr Gardaí a cuireadh ar dualgas i nGaoth Dobhair, i gceartlár Ghaeltacht Dhún na nGall, a geuid dualgas a chomhlíonadh trí Ghaeilge de réir tuarascála de chuid an Choimisinéara Teanga, Seán Ó Cuirreáin.

Léirigh tuarascáil ar imscrúdú (fiosrúchán foirmiúil), a foilsíodh inniu i dTuarascáil Bhliantúil 2011 an Choimisinéara Teanga, nár chloígh Coimisinéir an Gharda Síochána sa chás seo le foráil d'Acht an Gharda Síochána 2005 a éilíonn go mbeadh oiread Gaeilge ag baill den fhórsa atá lonnaithe sa Ghaeltacht le gur féidir leo í a úsáid go furasta le linn dóibh a bheith i mbun a ndualgas. Chomh maith leis sin, sáraíodh gealltanais reachtúil i scéim teanga an Gharda Síochána faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Gearán ó chainteoir dúchais Gaeilge nach raibh ábalta a chuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge leis na Gardaí i nGaoth Dobhair a chuir tús leis an imscrúdú.

Seoladh an t-imscrúdú i mí Feabhra 2011 ach cinneadh é a chur ar leataobh go sealadach nuair a méadaíodh go dtí triúr líon na nGardaí a raibh Gaeilge acu sa stáisiún. Cuireadh tús leis an imscrúdú arís nuair a chonacthas nach raibh aon dul chun cinn breise déanta ar an ábhar agus i mí na Nollag 2011 rinne an Coimisinéir Teanga cinneadh foirmiúil nár comhlíonadh na dualgais reachtúla teanga sa chás seo.

Rinne an Coimisinéir Teanga sraith moltaí a bhí le cur i bhfeidhm laistigh de thréimhse naoi mí ag údaráis an Gharda Síochána le cinntiú go mbeadh géilliúlacht iomlán ann do na dualgais reachtúla teanga.

Agus é ag labhairt ag seoladh Thuarascáil Bhliantúil 2011, dúirt an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, nach raibh stádas na Gaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht chomh leochaileach aon uair agus atá anois agus nach féidir leis

an Stát a bheith ag súil leis go mairfidh an Ghaeilge mar a rogha teanga ag an bpobal sa Ghaeltacht má leantar ag brú Béarla ar phobal na gceantar sin lena gcuid gnóthaí oifigiúla a dhéanamh.

Le linn 2011, dhéileáil Oifig an Choimisinéara Teanga le 734 gearán nua i dtaca le deacrachtaí seirbhísí stáit á fháil trí Ghaeilge; b'ionann sin agus méadú 5% ar líon na gcásanna ón bhliain roimhe sin. Is ó Chathair agus ó Chontae Bhaile Átha Cliath a tháinig 50% de na gearáin agus tháinig 21% eile ón nGaeltacht. Réitíodh formhór mór na gcásanna sin trí idirbheartaíocht neamhfhoirmiúil, gan dul i muinín imscrúduithe reachtúla.

D'fhoilsigh an Coimisinéir Teanga tuarascáil speisialta inniu freisin atá leagtha aige anois faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Baineann an tuarascáil sin leis an Roinn Coimirce Sóisialaí a fuarthas ag sárú dualgais reachtúla teanga ach a raibh teipthe uirthi moltaí a chur i bhfeidhm le géilliúlacht a chinntiú. Léirigh dhá imscrúdú éagsúla nár chomhlíon an Roinn go cuí na dualgais reachtúla teanga i dtaca le marcanna bónais a thabhairt d'inniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla i gcomórtais inmheánacha ar leith d'ardú céime.

Bunaíodh an córas le marcanna bónais a bhronnadh as inniúlacht in dhá theanga oifigiúla an Stáit mar mhalairt ar chóras na Gaeilge 'éigeantaí' sa bhliain 1975. Chinn an t-imscrúdú go raibh dualgas reachtúil ar an Roinn marcanna bónais as inniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon a bhronnadh ar dhaoine a bhí cáilithe go cuí agus gur sháraigh an Roinn an fhoráil seo nuair a chinn sí na marcanna bónais a theorannú dóibh siúd amháin a raibh na céimeanna deiridh sna comórtais d'ardú céime bainte amach acu. "Tá an chosúlacht air go bhfuil an cur chuige lochtach seo de chuid na Roinne coitianta ar fud na Státseirbhíse agus gur air sin atá cuid den locht maidir leis an imeallú atá déanta ar an nGaeilge i measc na foirne sa státchóras," a dúirt an Coimisinéir Teanga.

Ní dhearna an Roinn achomhairc ar phointe dlí chun na hArd-Chúirte i gcoinne chinneadh an Choimisinéara Teanga mar atá ceadaithe sa reachtaíocht ach fós féin theip uirthi moltaí na n-imscrúduithe a chur i bhfeidhm. "Ní féidir liomsa níos mó a dhéanamh maidir leis an gcás seo ach tuairisc a thabhairt do Thithe an Oireachtais agus is gnó anois don Oireachtas céimeanna breise a thógáil, má mheastar gur cuí sin a dhéanamh," a dúirt an tUasal Ó Cuirreáin.

Chomh maith le seirbhís ombudsman a chur ar fáil, rinne Oifig an Choimisinéara Teanga sraith iniúchtaí ar ranna rialtais agus ar chomhlachtaí

poiblí eile le linn na bliana 2011 le cinntiú go raibh siad ag cloí le forálacha na reachtaíochta teanga.

Le linn na bliana freisin, d'fhoilsigh an Oifig moltaí maidir le leasuithe ar fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla ar a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh mar chuid de chlár oibre an Rialtais.

Dúirt an tUasal Ó Cuirreáin gur cosúil go bhfuil teipthe tríd is tríd ar chóras daingnithe na scéimeanna teanga – córas atá i gcróilár Acht na dTeangacha Oifigiúla. Níor dhaingnigh an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta ach scéim teanga nua amháin le linn na bliana 2011.

San iomlán, tá 105 scéim teanga daingnithe ag an Aire go dtí seo, ach faoi dheireadh na bliana 2011 bhí 66 acu sin tar éis dul in éag. D'fhág sin nach raibh an dara scéim daingnithe i gcás dhá thrian de na comhlachtaí poiblí sin. Cé go bhfanann forálacha na chéad scéime i bhfeidhm, ní raibh aon phlean ann le méadú a chur ar sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge ó na comhlachtaí poiblí sin.

Bhí 20% de na scéimeanna teanga in éag le tréimhse ama trí bliana ar a laghad agus 20% eile acu in éag le breis agus dhá bhliain.

I measc na gcomhlachtaí poiblí a raibh a gcuid scéimeanna teanga in éag le tréimhse fhada ag deireadh na bliana 2011, bhí Oifig an Uachtaráin, an Chomhairle Ealaíon, Oifig an Ombudsman, an tSeirbhís Chúirteanna, Comhairle Contae na Gaillimhe, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, agus an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Sa bhreis air sin, bhí 28 comhlacht poiblí eile ann a raibh an chéad dréachtscéim iarrtha orthu ach nach raibh siad daingnithe fós mar scéimeanna ag an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. I gcás deich gcinn acu sin, bhí breis agus cúig bliana imithe ó iarradh orthu an dréachtscéim a ullmhú. Díol suntais é go raibh ceithre bliana agus seacht mí caite ó iarradh ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte dréachtscéim teanga a ullmhú ar bhonn náisiúnta agus beagnach trí bliana ó iarradh ar an bPost dréachtscéim teanga a ullmhú. Tá sé os cionn dhá bhliain ó rinneadh iarratas ar Oifig Thithe an Oireachtais, RTÉ agus an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta dréachtscéimeanna teanga a ullmhú.

Faoi dheireadh na bliana, ní raibh aon scéim teanga daingnithe fós i gcás na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta – roinn a bunaíodh go foirmiúil ar an 1 Meitheamh 2011.

“Ní féidir teacht ar aon chonclúid eile ach go bhfuil cliste anois ar an ngné thábhachtach seo den reachtaíocht teanga,” a dúirt an Coimisinéir Teanga.

(Críoch)

**Féach freisin *Cásanna Samplaca 2011*.**

Tá an Tuarascáil Bhliantúil foilsithe go príomha i bhfoirm leictreonach agus tá sí ar fáil ar [www.coimisineir.ie](http://www.coimisineir.ie).

Tuilleadh eolais:

Damhnait Uí Mhaoldúin ar (091) 504 006 nó 0872197946 nó ag [eolas@coimisineir.ie](mailto:eolas@coimisineir.ie)